# Carthanacht in Ioslam

## Foinse: An Córán (Téacs Naofa)

"Bí diongbháilte i bpaidreacha, cleacht carthanacht go rialta, agus crom do cheann leo siúd a chromann (chun adhradh)." (2:43)

**"Ná dean adhradh ach ar Allah. Caith go cineálta le do thuismitheoirí agus le do mhuintir, le dílleachtaí agus leo siúd i ndíth; labhair go cothrom le daoine; Bí diongbháilte i bpaidreacha, cleacht carthanacht go rialta." (2:83)**

"Bí diongbháilte i mbun urnaí agus cleacht carthanacht go rialta.". Cibé maitheas a chuireann tú amach ar son d'anama romhat, gheobhaidh tú le hAllah é.  Óir is maith a fheiceann Allah gach a ndéanann tú." (2:110)

**"Fiafraíonn siad díot cad é a ba choir dóibh a chaitheamh i gcarthanacht. Abair: Cibé rud a chaitheann tú atá maith, is do thuismitheoirí agus do mhuintir agus dílleachtaí agus dóibh siúd i ndíth é agus do lucht siúlta an róid. Agus cibé rud a dhéanann tú atá maith, is maith atá a fhios ag Allah é." (2:215)**

"Is dóibh siúd i ndíth atá an charthanacht, atá, ar son chúis Allah, faoi shrian (ó thaisteal) agus nach féidir leo gluaiseacht leo ar an talamh, ag tóraíocht (ceirde nó oibre) (2:273)

**"Iad siúd a chaitheann a gcuid maoine le carthanacht de lá agus d'oíche, faoi cheilt agus go poiblí, bíonn luach a saothair acu leis an Tiarna:  ní bheidh orthu eagla, ná ní dhéanfaidh siad brón." (2:274)**

"Ní chuirfidh Allah aon bheannacht ar an úsaireacht, ach méadóidh sé stór an té a dhéanann grá dia ar dhaoine. Mar níl gean aige don té atá míbhuíoch nó mailíseach." (2:276)

**"An mhuintir a chreideann, agus a dhéanann fearta fíréantachta, agus a chleachtann paidreacha agus carthanacht go rialta, is acu a bheidh luach a saothair leis an Tiarna. Eagla ní bheidh orthu, ná brón ní déanfaidh siad." (2:277)**

"Más i gcruachás atá an féichiúnaí, tabhair cairde dó ionas go ndéanfaidh sé aisíoc go réidh. Ach má ligeann tú leis é trí charthanacht, is amhlaidh is fearrde thú é dá mbeadh a fhios agat é." (2:280)

**"… dean déirc mar is cuí (Zakat) lá bainte an fhómhair, agus ná cuirtear a dhath amú. Níl grá aige don té atá caifeach."(6:141)**

"Is cóir duit deifriú le fonn a lorg maithiúnais ó do Thiarna agus Parthais a gcuimsíonn a leithead na flaithis agus an talamh; Is do na fíréin atá sé i ndán." (3:133)

**"a thugann déirc is cuma an saol a bheith thuas nó le linn an drochshaoil. " (3:134)**

"Rachaidh an déirc chuig na bochtáin, na daoine ar an anás, na hoibrithe a bhíonn á mbailiú, na hiompaithe úra, chun na daoir a shaoradh, chucu siúd a dtiteann fiacha orthu go tobann, ar son chúis Dé, agus chuig an gcoimhthíoch siúlach.  Siúd mar atá aithne Dé. Tá Dia Uilechumhachtach, Ró-Chríonna." (9:60)

**"Rachaidh déirc chuig na bochtáin atá ag fulaingt ar son Dé, agus nach bhfuil ar a gcumas dul ar imirce. Beidh an mhuintir atá aineolach den tuairim go bhfuil siad saibhir mar gheall ar a ngradam. Ach aithneoidh tú iad ar a gcomharthaí sóirt; ní iarrann siad déirc riamh ar na daoine go seasmhach. Cibé déirc a thugann tú uait, is maith is eol do Dhia é." (2:273)**

# Carthanacht in Ioslam

## Hadīth

### Ḥadīth

Tá dhá phríomhfhoinse ag Ioslam.  Is é an Córán an chéad cheann, arb é focal díreach Dé é a tugadh do Mhuhammad Fáidh, síocháin go raibh air.  Is é cuid teagasc an Fháidh an dara foinse.  I measc an teagaisc seo, áirítear a chuid focal, gníomhartha agus rudaí a raibh sé i bhfách leo.  Tugtar Sunna ar theagasc an Fháidh.  Tá Sunna le fáil i dtéacsanna ar a dtugtar hadith.  Is ráiteas de chuid an Fháidh é hadith, síocháin go raibh air, a d'aithris a chomrádaithe agus a cuireadh ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig an gcéad ghlúin eile go dtí gur tiomsaíodh na ráitis seo i mbailiúcháin hadith.

Tá na Moslamaigh uile, idir Shunnaígh agus Shiaigh, ar aon fhocal go bhfuil na haditheanna riachtanach chun Ioslam a thuiscint.  Tá tábhacht leis na haditheanna cionn is nach bhfuil ciall leis an gCórán gan iad.  Tugann siad comhthéacs do na véarsaí sa Chórán.  Is leabhar measartha cuimsitheach é an Córán agus mar sin de tá cuid mhór ráitis ghinearálta ann.  Ordaíonn an Córán do na Moslamaigh, cuir i gcás, a bheith ag guí, ach ní thugann sé aon sonraí ar an gcaoi chun urnaí a dhéanamh.

Ordaíonn an Córan fosta do Mhoslamaigh oilithreacht a dhéanamh agus déirc a thabhairt, ach ní thugann sé mionsonraí ar bith.  Tá teacht ar na mionsonraí sa hadith inar mhínigh an Fáidh, síocháin go raibh air, mionsonraí agus meicníochtaí na hurnaí.   Tá lear mór véarsaí sa Chórán a ordaíonn do Mhoslamaigh an Fáidh a leanúint.  Gan a chuid teagaisc a bheith ar eolas ag duine, níorbh fhéidir leis an t-ordú sin a chomhlíonadh.

### Athfhriotail ón mBunaitheoir

"Ní lúide an saibhreas an charthanacht ."

"Is cineál carthanachta é an focal cineálta."

"Is carthanacht é gach gníomh cineáltais."

"Caith (ar charthanacht) a Mhac Ádhaimh agus is mise a chaithfidh ort."

"Is carthanacht é gach dea-ghníomh."

"Is é fíorshaibhreas an duine amach anseo an mhaitheas a dhéanann sé sa domhan seo ar son a chomhdhaoine."

"Nuair a chuireann Moslamach crann, cibé a itear uaidh, is carthanacht uaidh é agus cibé a ghoidtear uaidh, is carthanacht é agus cibé a bhaintear de is carthanacht é."

"An bhfuil a fhios agat cad é is fearr ná an charthanacht, an troscadh, agus paidreacha? Síocháin a dhéanamh agus dea-chaidrimh a bheith idir daoine toisc gurb iad na hargóintí agus na drochmhothúcháin a mhilleann an cine daonna"

"Is carthanacht é rud dochrach a thógáil ón gcosán."

# Carthanacht in Ioslam

## Zakat & Sadaqah

### Zakat

Is ionann an focal Araibise 'zakat' agus 'íonghlanadh'. Tá baint aige freisin leis an smaoineamh cáin a bheith ar shaibhreas. Nuair a bhíonn duine in ann riar ar na riachtanais is práinní atá ag a gclann, roinnfear a gcuid saibhris ar an bpobal. Is rannchuidiú éigeantach é an Zakat a úsáidtear chun beatha daoine eile sa chomhphobal a fheabhsú.In Ioslam tá an saibhreas le roinnt chun leasa an phobail ina iomláine. Is ionann 'zakat' agus 'íonghlanadh' toisc go laghdaíonn sé nó go gcuireann sé srian ar shaint nádúrtha an duine agus ar a chíocras chun maoine. Ach fuílleach a chuid saibhris a thabhairt ar láimh do dhaoine eile is féidir le duine na claontaí sin a sheachaint. Mar sin de, íonghlanann an zakat carachtar an duine agus ní amháin a chuid saibhris.

**In Ioslam Sunnaíoch**

Tá Zakat ar cheann de Chúig Cholún Ioslam Sunnaíoch; tugtar 2.5 faoin gcéad den mhaoin a fhaight-ear ó shócmhainní, coigilteas agus airgead a shaothraítear trí thrádáil gach bliain.

**In Ioslam Siach**

Tá Zakat ar cheann de na Deich nGníomh Éigeantacha d'Ioslam Siach; tugtar 2.5 faoin gcéad den bhrabús a fhaightear ó idirbhearta ginearálta gnó. Toisc go ndéantar zakat a ríomh ar luach saothair ó bhrabús seachas ó na idirbhearta uile, is féidir go dtabharfadh na Moslamaigh Shiacha níos lú zakat ná na Moslamaigh Shunnaíocha. Tugann Moslamaigh Shiacha ranníocaíocht Khum sa bhreis.

### Sadaqah

Corruair tugtar an téarma Ioslamach Lillah, Sadaqah nó Saddka ar charthanacht a thugann duine le croí mór maith. Ní ceanglas Ioslamach e seo, ach cleachtas a dhéantar chun cabhrú leo siúd atá i ndíth nó atá beo bocht.

Léiríonn an gníomh seo láidreacht chreidimh an duine a chreideann agus láidríonn sin níos mó arís é. Ní bhaineann Sadaqa le hairgead amháin in Ioslam toisc gurb ionann Sadaga agus rud chomh beag le haoibh an gháire le strainséir nó bac nó sceach a bhaint de chosán. Níl ann ach gníomh a chuidíonn le duine éigin eile, ar bhealach ar bith.

